Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Nollaig 2023
(OR. en)

15834/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0425 (NLE)**

ECOFIN 1255
UEM 404
FIN 1215

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Chróit |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Chróit**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Chróit an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta a chur isteach an 8 Iúil 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 28 Iúil 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin chinneadh cur chun feidhme ('Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021')[1].

(2) De bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241, bhí an ranníocaíocht uasta airgeadais i gcomhair thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha gach Ballstáit le nuashonrú faoin 30 Meitheamh 2022 i gcomhréir leis an modheolaíocht dá bhforáiltear ann. An 30 Meitheamh 2022, chuir an Coimisiún torthaí an nuashonraithe sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

(3) An 31 Lúnasa 2023, chuir an Chróit plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU i gcomhréir le hAirteagal 21c de Rialachán (AE) 2021/241, faoi bhráid an Choimisiúin.

(4) Cuireann an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe san áireamh freisin an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe i gcomhréir le hAirteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241 agus áirítear leis iarraidh réasúnaithe a dhéanamh don Choimisiún chun an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241 ar an bhforas nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach go páirteach a thuilleadh mar gheall ar imthosca oibiachtúla. Na modhnuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Chróit isteach, baineann siad le 43 bheart.

---

[1] Féach doiciméid ST 10687/21 agus ST 10687/21 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

(5) Áirítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe freisin iarraidh ar thacaíocht iasachta i gcomhréir le hAirteagal 14(2) de Rialachán (AE) 2021/241.

(6) An 14 Iúil 2023 chuir an Chomhairle moltaí faoi bhráid na Cróite i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Mhol an Chomhairle go laghdódh an Chróit, *inter alia*, an spleáchas ar bhreoslaí iontaise trí dhlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh, trí chreat reachtach neamhiomlán a thabhairt chun críche, trí nósanna imeachta riaracháin a chuíchóiriú maidir le ceadú, trí shimpliú a dhéanamh ar na nósanna imeachta maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh a shuiteáil agus trí níos mó deimhneachta dlíthiúla a sholáthar. Ina theannta sin, mhol an Chomhairle go dtacódh an Chróit le hacmhainneacht giniúna fuinnimh in-athnuaite ar mhionscála, go ndéanfadh sí na heangacha tarchurtha agus dáileacháin leictreachais a uasghrádú a thuilleadh, agus go gcuirfeadh sí chun cinn leathadh amach méadar cliste. Thairis sin, d’iarr an Chomhairle ar an gCróit dlús a chur le cur chun feidhme na mbeart éifeachtúlachta fuinnimh, lena n-áirítear teaschaidéil a shuiteáil. Thairis sin, mhol an Chomhairle don Chróit an spleáchas ar bhreoslaí iontaise in earnáil an iompair a laghdú trí réitigh inbhuanaithe a chur chun cinn, go háirithe an t-iarnród agus leictriú an iompair de bhóthar, agus dlús a chur leis na hiarrachtaí beartais atá dírithe ar na scileanna is gá don aistriú glas a sholáthar agus a fháil.

(7) Cuireadh isteach an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe tar éis próiseas comhairliúcháin a rinneadh i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta, a raibh údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí sochaí sibhialta, eagraíochtaí don óige, agus páirtithe leasmhara ábhartha eile páirteach ann. Cuireadh isteach an achoimre ar na comhairliúcháin in éineacht leis an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, i gcomhréir leis na treoirlínte um measúnú a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin.

Iarraidh ar iasacht bunaithe ar Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2021/241

(8) Áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a chuir an Chróit isteach iarraidh ar thacaíocht iasachta chun tacú le 18 mbeart breise ina bhfuil 13 infheistíocht agus cúig athchóiriú.

(9) D’iarr an Chróit tacaíocht iasachta le haghaidh bearta a bhaineann leis an earnáil airgeadais, le bainistiú fuíolluisce agus soláthair uisce chomh maith leis an mbunoideachas, go háirithe bearta nua faoi chomhpháirteanna 1.1 (An geilleagar athléimneach, glas agus digiteach), 1.3 (Feabhas a chur ar bhainistiú uisce agus ar bhainistiú dramhaíola), 1.4 (Córas iompair iomaíoch, inbhuanaithe ó thaobh fuinnimh de agus éifeachtúil a fhorbairt), 2.1 (Acmhainneacht a neartú chun beartais agus tionscadail phoiblí a cheapadh agus a chur chun feidhme), C2.2 (Éifeachtúlacht an riaracháin phoiblí a fheabhsú a thuilleadh), 2.3 (Aistriú digiteach na sochaí agus an riaracháin phoiblí), 3.1 (An córas oideachais a athchóiriú), 4.3 (An córas leasa shóisialta a fheabhsú), 5.1 (Athléimneacht an tionscnaimh agus an chórais cúraim sláinte) agus agus an tionscnaimh 6.1 (Foirgnimh a athchóiriú). Cuireann cuid de na bearta nua sin leis na bearta atá san áireamh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tosaigh.

(10) I gcomhpháirt 1.1 (Geilleagar athléimneach, glas agus digiteach) dhá athchóiriú nua (Athchóiriú C1.1.1 R5 Margaí caipitil a éagsúlú agus feabhas a chur ar rochtain ar mhaoiniú malartach agus ar Athchóiriú C1.1.1 R7 An Fóram Tacaíochta Airgeadais Inbhuanaithe a Bhunú) aghaidh a thabhairt ar ról na hearnála airgeadais maidir le maoiniú an gheilleagair. Le glacadh creata straitéisigh agus pleananna gníomhaíochta chun margaí caipitil a fhorbairt, soláthraítear anailís ar an timpeallacht reatha agus sainaithnítear bearta nithiúla chun margaí caipitil a éagsúlú agus chun rochtain ar mhaoiniú malartach a fheabhsú. Le hathchóiriú breise neartaítear rannchuidiú na hearnála airgeadais leis an aistriú glas, trí mhalartú faisnéise leis na húdaráis agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile a éascú agus trí bhearta a shainaithint chun tacú le maoiniú inbhuanaithe sa Chróit.

(11) I gcomhpháirt 1.3 (Bainistiú uisce agus bainistiú dramhaíola a fheabhsú) cuireann athchóiriú amháin agus dhá infheistíocht nua le bearta atá ann cheana a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tosaigh (Athchóiriú C1.3 R1 An clár bainistithe uisce a chur chun feidhme, Infheistíocht C1.3 R1-I1 Clár forbartha séarachais phoiblí agus infheistíocht C1.3 R1-I2 Clár forbartha soláthair uisce phoiblí). Tacaíonn na hinfheistíochtaí breise le tógáil agus le hatógáil an líonra phoiblí uisce agus séarachais agus na ngléasraí cóireála fuíolluisce, agus a bhfuil d'aidhm acu líon na n-áitritheoirí a bhaineann tairbhe as rochtain fheabhsaithe ar chórais cóireála fuíolluisce agus ar chórais soláthair uisce a mhéadú. Mhol an Chróit freisin athchóirithe breise a thabhairt isteach chun ról an rialtóra neamhspleách uisce a neartú, pleananna gníomhaíochta náisiúnta agus áitiúla a ghlacadh maidir le caillteanais uisce a laghdú agus comhlacht náisiúnta a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar chaillteanais uisce.

(12) I gcomhpháirt 1.4 (Córas iompair iomaíoch, inbhuanaithe ó thaobh fuinnimh de agus éifeachtúil a fhorbairt), cuireann beart amháin (Infheistíocht C1.4. córas ríomhbhailúcháin dolaí) leis an leibhéal uaillmhéine maidir leis an infheistíocht trí chóras ríomhbhailúcháin dolaí nua a chur i bhfeidhm le haghaidh na mbóithre go léir a oibríonn Croatian Motorways Ltd, mar aon leis an mBóthar Ságrab-Macelj (AZM) agus BINA Istra.

(13) I gcomhpháirt 2.2 (Éifeachtúlacht an riaracháin phoiblí a fheabhsú a thuilleadh ), mhol an Chróit an uaillmhian maidir le hathchóiriú amháin a mhéadú (C2.2 R2 Samhlacha nua pá agus oibre sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí) trí bhíthin garsprioc nua a chur leis lena ndéanfar forail maidir le teacht i bhfeidhm fodhlíthe chun rialú a dhéanamh ar na samhlacha nua pá agus an córas láraithe roghnúcháin sa státseirbhís agus sa riarachán poiblí.

(14) I gcomhpháirt 2.3 (Aistriú digiteach na sochaí agus an riaracháin phoiblí), baineann an beart nua (Infheistíocht C2.3 R3-I17 Bunú Chlárlann an daonra, clann agus teaghlach) le bunú chlár an daonra, teaghlach agus líonta tí, chun sonraí a sholáthar maidir le hioncam agus sócmhainní an daonra, teaghlach agus líonta tí, trí shonraí a aisghabháil ó chláir agus ó chórais faisnéise éagsúla. Tá sé d'aidhm ag an infheistíocht staidreamh cruinn atá cothrom le dáta a chur ar fáil, staidreamh atá ríthábhachtach d'obair na gcomhlachtaí poiblí chun na nósanna imeachta a dhearadh de réir na sainmhínithe a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar chearta agus oibleagáidí atá ag brath ar ioncam nó ar shócmhainní daoine aonair, teaghlach nó líonta tí.

(15) I gcomhpháirt 3.1 (Athchóiriú an chórais oideachais), cuireann beart amháin (Infheistíocht C3.1 R1-I4 Tógáil, uasghrádú, atógáil agus feistiú bunscoileanna le haghaidh seal aonair teagaisc laistigh de lá amháin) le beart atá ann cheana a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tosaigh (Infheistíocht C3.1 R1-I2) chun céatadán na ndaltaí a fhreastalaíonn ar bhunscoileanna sealanna aonair teagaisc a mhéadú ó 70 % go 100 %.

(16) Mhol an Chróit freisin seacht mbeart go n-aistreodh sí ón roinn maidir le tacaíocht neamh-inaisíoctha den phlean téarnaimh agus athléimneachta tosaigh chuig an roinn maidir le tacaíocht iasachta gan difear a dhéanamh dá n-uaillmhian. Is éard atá sna bearta sin infheistíocht C1.4 R2-I1 Atógáil an dara rian den roinn iarnróid Dugo Selo — Novska, fo-roinn Kutina — Novska (céim D) lena ndéantar foráil maidir le huasghrádú an bhonneagair iarnróid faoi chomhpháirt 1.4 (Córas iompair atá iomaíoch, inbhuanaithe ó thaobh fuinnimh de agus éifeachtúil a fhorbairt), le hinfheistíocht C2.1 R1-I2 Acmhainneacht a neartú i bpleanáil straitéiseach agus i rialáil níos fearr lena ndéantar forail maidir le forbairt modúl oiliúna agus soláthar oiliúna chun feabhas a chur ar acmhainneacht státseirbhíseach poiblí atá ag obair ar thionscnaimh pleanála straitéisí agus rialála níos fearr faoi chomhpháirt 2.1 (An acmhainneacht beartais agus tionscadail phoiblí a cheapadh agus a chur chun feidhme), infheistíocht C4.3 R3-I2 Digitiú an chórais leasa shóisialaigh a fheabhsú agus lárionaid leasa shóisialaigh a nascadh le soláthraithe seirbhísí sóisialta faoi chomhpháirt 4.3 An córas leasa shóisialaigh a fheabhsú agus infheistíocht C5.1 R1-I1 Cógaslanna soghluaiste a thabhairt isteach sa chúram príomhúil, infheistíocht C5.1 R1-I2 aonaid chúraim shoghluaiste le haghaidh othair sheachtracha, Infheistíocht C5.1 R1-I3 (aonaid inslithe chliniciúil a thógáil agus a fheistiú (3, 4 agus 1/5 le haghaidh foirgneamh) Clinic Galar Tógálach 'Dr Fran Mihaljević'), infheistíocht C5.1 R4-I6 Bainistíocht dramhaíola i Lárionad Cliniciúil Ospidéal KBC Shágraib faoi chomhpháirt 5.1 Athléimneacht an chórais cúraim sláinte a neartú.

(17) D’iarr an Chróit tacaíocht iasachta chun athchóiriú nua C6.1 R7 Úsáid chiorclach dramhaíola tógála ó fhoirgnimh a bhfuil stádas earra cultúir acu a thabhairt isteach : Treoirthionscadal lena ndéanfar iniúchadh ar dheiseanna malartaithe agus trádála faoi thionscnamh 6.1 Athchóiriú foirgneamh. Mhol an Chróit go méadódh sí an uaillmhian maidir le beart C6.1 R1 — I3 Athchóiriú fuinnimh foirgneamh a bhfuil stádas earra cultúir acu trí bhíthin garsprioc nua a chur leis maidir le Treoirlínte a fhorbairt le haghaidh athchóiriú fuinnimh foirgneamh a bhfuil stádas earra cultúir acu (C6.1 R1 -I4).

Nuashonruithe bunaithe ar Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241

(18) Leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a chuir an Chróit isteach nuashonraítear ceithre bheart chun an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe a chur san áireamh. Mhínigh an Chróit, toisc gur laghdaigh an ranníocaíocht uasta airgeadais ó EUR 6 295 431 146[1] go EUR 5 510 316 213[1], nach féidir bearta uile an phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh a mhaoiniú a thuilleadh. Mhínigh an Chróit gur cheart bearta áirithe a bhaint agus a mhodhnú de bharr laghdú an leithdháilte.

1 Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis asbhaint na Cróite de réir Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal 11 den Rialachán sin.

(19) Níl bearta áirithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a thuilleadh faoi chomhpháirt 1.1: (Aistriú fuinnimh don gheilleagar inbhuanaithe)) agus 1.2 (Dícharbónú na hearnála fuinnimh). Baineann na modhnuithe sin le hinfheistíocht C1.1.2 R3-I1 (Doiciméid straitéiseacha a ullmhú le haghaidh chlaochlú digiteach an gheilleagair agus na hintleachta saorga); faoi chomhpháirt 1.1 (Geilleagar athléimneach, glas agus digiteach) agus garsprioc 56 agus sprioc 58 a bhaint de infheistíocht C1.2 R1-I4 (Bithscaglann chun bithbhreoslaí ardfhorbartha a tháirgeadh Sisak) faoi chomhpháirt 1.2 (Aistriú fuinnimh don gheilleagar inbhuanaithe), . Ar an mbonn sin, d'iarr an Chróit go mbainfí na bearta thuasluaite. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(20) Ina theannta sin, athraíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a chuir an Chróit isteach bearta faoi chomhpháirt 1.2 (An earnáil fuinnimh a dhícharbónú), infheistíocht C1.2 R1-I2 (Úsáid hidrigine agus teicneolaíochtaí nua) chun garsprioc 54 agus comhpháirt 2.6 (Éilliú a chosc agus a chomhrac) a mhodhnú, athchóiriú C2.6 R4 (Acmhainneacht a neartú le haghaidh leigheas breithiúnach i nósanna imeachta soláthair phoiblí), sprioc 246 chun an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe a chur san áireamh trí leibhéal an chur chun feidhme is gá a laghdú. Ar an mbonn sin, d'iarr an Chróit go ndéanfaí an gharsprioc réamhluaite agus an sprioc a mhodhnú. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241

(21) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Chróit isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 39 mbeart.

(22) Mhínigh an Chróit nach féidir 14 bheart a bhaint amach go hiomlán a thuilleadh laistigh d'amlíne an phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh mar gheall ar imthosca oibiachtúla. Áirítear sna 14 bheart sin sprioc 15 le haghaidh infheistíochta C1.1.1 R4-I1 (Tacaíocht d'fhiontair le haghaidh an aistrithe chuig geilleagar atá tíosach ar fhuinneamh agus ar acmhainní) faoi chomhpháirt 1.1 (Geilleagar athléimneach, glas agus digiteach) mar gheall ar easnamh gan choinne sa fhreagairt ar sholáthar; mar aon leis na bearta seo a leanas faoi chomhchuid 1.3 (Bainistiú uisce agus bainistiú dramhaíola a fheabhsú), sprioc 61 le haghaidh athchóiriú C1.3 R1 (Cur chun feidhme an chláir bainistithe uisce) mar gheall ar dheacrachtaí nósanna imeachta agus cinneadh ón gCúirt Bhunreachtúil lenar cuireadh síneadh leis an nós imeachta cumaisc; spriocanna 77 agus 78 le haghaidh infheistíochta C1.3 R1-I3 (Clár laghdaithe rioscaí tubaistí) mar gheall ar theagmhais aimsire dhiana gan choinne a chuir moill ar na hoibreacha tógála, agus spriocanna 85, 86, 87 agus 89 le haghaidh infheistíochta C1.3 R2-I1 (Clár um dhiúscairt dramhaíola a laghdú) mar gheall ar mhoilleanna gan choinne le linn oibreacha soláthair phoiblí agus tógála. Tugadh garspriocanna agus spriocanna breise isteach acu faoi infheistíocht C1.3 R2-I1 chun an leibhéal céanna uaillmhéine a choinneáil ar bun. Áirítear freisin sna 14 bheart sin na bearta sin a leanas faoi chomhpháirt 2.3 (Aistriú digiteach na sochaí agus an riaracháin phoiblí), sprioc 178 le haghaidh athchóiriú C2.3 R2-I1 (Córas lárnach idir-inoibritheachta a bhunú), mar gheall ar an moill ar nósanna imeachta ar leibhéal an Aontais atá ábhartha maidir le bunú an chórais agus sprioc 188 le haghaidh infheistíochta C2.3 R3-I7 (Feabhas a chur ar an gcóras pleanála spásúla, tógála agus sócmhainní stáit trí dhigitiú) mar gheall ar imthosca oibiachtúla nach bhfuil neart ag an aireacht inniúil orthu, eadhon mar gheall ar chreathanna talún sa Chróit agus an gá atá le foráil a dhéanamh sa reachtaíocht maidir le hacmhainní a dhíriú dhiaidh ar athchóiriú de dheasca creathanna talún.

Áirítear iontu freisin garsprioc 298 le haghaidh athchóiriú C4.2 R1 (Leordhóthanacht pinsin a mhéadú trí athchóirí leanúnach pinsin), mar gheall ar níos mó ama a bheith ag teastáil ón mBanc Domhanda chun an anailís a ullmhú atá mar bhonn don obair reachtach, spriocanna 304 agus 306 agus garspriocanna 305 agus 398 mar gheall ar an am is gá chun rogha níos fearr a fhorbairt d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na himthosca oibiachtúla a eascraíonn as laghdú gan fasach ar an daonra agus an ráta íseal dífhostaíochta faoin athchóiriú C4.3.R1 (Trédhearcacht agus leordhóthanacht na sochar sóisialta sa chóras cosanta sóisialta) faoi chomhpháirt 4.3 (An córas leasa shóisialta a fheabhsú). Áirítear iontu freisin na bearta seo a leanas faoi chomhchuid 5.1 (Athléimneacht an chórais cúraim sláinte a neartú), sprioc 326 le haghaidh infheistíochta C5.1.R1-I7 (Saoráidí nua a chur ar fáil le haghaidh ospidéal lae agus do mháinliacht aon lae agus ligean isteach ospidéil éigeandála comhtháite agus oiriúnú clinic néar-mháinliachta san Ionad Ospidéal Cliniciúil 'KBC Sestre Milosrdnice') mar gheall ar mhoill a chur ar thionscadal atógála tar éis an chreatha talún, atá mar réamhchoinníoll chun an beart modhnaithe a chur chun feidhme, sprioc 335 le haghaidh infheistíochta C5.1 R3-I2 (Oiliúint speisialaithe altraí agus teicneoirí sa leigheas éigeandála), sprioc 339 le haghaidh infheistíochta C5.1 R4-I1 (Ullmhúchán lárnach le haghaidh ullmhóidí tuismitheoireachta in 8 n-ospidéal Chróiteacha) mar gheall ar easpa foirne speisialaithe leighis ar an margadh fostaíochta, sprioc 344 le haghaidh infheistíochta C5.1 R4-I5 (Córas faireacháin ar thorthaí cóireála a thabhairt isteach le haghaidh cúram othar seachtrach agus béim á cur ar othair ainsealacha i gcógaslanna poiblí) mar gheall ar imthosca oibiachtúla a chuireann moill ar infheistíocht C2.3 R3-I4 ar réamhchoinníoll é chun an beart modhnaithe a chur chun feidhme,

sprioc 345 le haghaidh infheistíochta C5.1 R4-I6 (Bainistíocht dramhaíola in Ionad Cliniciúil Ospidéal KBC Shágraib) mar gheall ar an ngá atá le staidéar tionscadail nua a fhorbairt ina gcuirfear san áireamh imthosca athraithe i gcur chun feidhme tionscadal, sprioc 347 le haghaidh infheistíochta C5.1 R5-I1 (Comhtháthú digiteach obrádlann agus máinliacht róbataice ag KBC Split) mar gheall ar obair tógála bhreise neamhphleanáilte a chuir moill ar an infheistíocht fhoriomlán, sprioc 350 le haghaidh infheistíochta C5.1 R5-I4 (Digitiú agus comhtháthú seomraí obrádlann atá feistithe le máinliacht róbataice san Ionad Ospidéal Cliniciúil 'KBC Sestre milosrdnice') mar gheall ar mhoill ar thionscadal atógála tar éis an chreatha talún atá mar réamhchoinníoll chun an beart modhnaithe a chur chun feidhme. Ar an mbonn sin, d'iarr an Chróit go leasófaí na garspriocanna agus na spriocanna thuasluaite agus go ndéanfaí na hathruithe thuasluaite. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(23) Mhínigh an Chróit nach féidir 11 bheart a bhaint amach go hiomlán a thuilleadh mar gheall ar imthosca oibiachtúla, go príomha mar gheall ar rogha níos fearr a bheith ann. Áirítear sna 11 bheart sin garsprioc 38 den athchóiriú C1.2 R1 (Dícharbónú na hearnála fuinnimh) faoi chomhchuid 1.2 (Aistriú fuinnimh le haghaidh geilleagar inbhuanaithe) mar gheall ar chuspóir na garsprice a bhaint amach le nós imeachta nach bhfuil chomh casta sin, garsprioc 108 le haghaidh infheistíochta C1.4 R2-I7 (An córas TF agus díolacháin a uasghrádú agus traenacha a nuachóiriú leis an gcóras TF) mar gheall ar an dul chun cinn teicneolaíoch le déanaí agus nósanna úsáideoirí ar mhargadh seirbhísí TF iarnróid agus sprioc 116 le haghaidh infheistíochta C1.4 R4-I1 (Soláthar feithiclí faoi thiomáint breoslaí malartacha maidir le hiompar poiblí uirbeach agus fo-uirbeach) mar gheall ar chumasc an tsoláthair phoiblí le haghaidh an bhirt bunaidh agus cuid den bheart a uas-scálú faoi chomhchuid 1.4 (Córas iompair iomaíoch, inbhuanaithe ó thaobh fuinnimh de agus éifeachtúil a fhorbairt). Áirítear iontu freisin garsprioc 137 le haghaidh infheistíochta C1.5 R3-I3 (Córas faisnéise inrianaitheachta a bhunú) faoi chomhpháirt 1.5 (Feabhas a chur ar úsáid acmhainní nádúrtha agus slabhra an tsoláthair bia a neartú) mar gheall ar raon feidhme chumhdach an chórais TF a leathnú chun líon níos mó táirgí a chuimsiú, agus an leibhéal costais céanna á choinneáil ar bun, sprioc 145 le haghaidh infheistíochta C1.6. R1-I1 (Éagsúlú agus speisialtóireacht réigiúnach sa turasóireacht Chróiteach trí infheistíochtaí i bhforbairt táirgí turasóireachta ard-bhreisluacha) faoi chomhchuid 1.6 (Turasóireacht inbhuanaithe, nuálach agus athléimneach a fhorbairt) mar gheall ar na húdaráis a bheith ag neartú an ghealltanais cur chun feidhme na dtionscadal infheistíochta a thabhairt chun críche,

sprioc 147 le haghaidh infheistíochta C1.6. R1-I2 (Iomaíochas na bhfiontraithe a neartú agus aistriú glas agus digiteach earnáil na turasóireachta a chothú) faoi chomhpháirt 1.6 (Turasóireacht inbhuanaithe, nuálach agus athléimneach a fhorbairt) mar gheall ar na húdaráis a bheith ag neartú an ghealltanais cur chun feidhme na dtionscadal infheistíochta a chur i gcrích, sprioc 287 le haghaidh athchóiriú C4.1 R1 (Bearta beartais fostaíochta gníomhacha nua-dhírithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme le haghaidh riachtanais an aistrithe sa mhargadh fostaíochta sa gheilleagar glas agus digiteach) agus sprioc 292 le haghaidh infheistíochta C4.1 R3-I1 (Scéimeanna dearbhán a chur chun feidhme chun oideachas a chur ar dhaoine fostaithe agus dífhostaithe) faoi chomhpháirt 4.1 (Bearta fostaíochta agus an creat dlíthiúil do mhargadh fostaíochta nua-aimseartha agus do gheilleagar na todhchaí a fheabhsú) mar gheall ar threochtaí dearfacha sa mhargadh fostaíochta. Áirítear iontu freisin sprioc 331 le haghaidh infheistíochta C5.1 R2-I1 (Trealamh chun ailse a chosc, a dhiagnóisiú agus a chóireáil i gcomhair othar) bunaithe ar anailís nuashonraithe ar riachtanais amach anseo lena gcuirtear san áireamh athruithe ar an daonra agus ar riachtanais cúraim sláinte. faoi chomhchuid 5.1 (Athléimneacht an chórais cúraim sláinte a neartú), sprioc 334 agus garsprioc nua 399 le haghaidh infheistíochta C5.1 R3-I1 (Cistiú lárnach le haghaidh speisialtóireachtaí) mar gheall ar imthosca oibiachtúla a bhaineann le méadú gan choinne ar an ráta luathfhágála ó shainoiliúint leighis faoi chomhchuid 5.1 (Athléimneacht an chórais cúraim sláinte a neartú), sprioc 361 le haghaidh athchóiriú C6.1 R2 (Creat a fhorbairt chun scileanna leordhóthanacha a áirithiú i gcomhthéacs na bpost glas is gá le haghaidh atógáil i ndiaidh an chreatha talún) faoi thionscnamh 6.1 (Athchóiriú foirgneamh), i gcás inar cuireadh bunú agus seoladh máistirchláir nua in ionad sprioc le haghaidh roinnt daoine a bheith ag cur críoch ar cláir staidéir shaineolacha;

agus spriocanna 356 agus 357 faoi C6.1 R1-I2 (C7.2 I2 nua) Athchóiriú foirgneamh a ndearnadh damáiste dóibh i gcreathanna talún le hathchóiriú fuinnimh i gcás inar mhol an Chróit an tuairisc ar an sprioc a athrú ag leathnú liosta na gcontaetha incháilithe ar bhuail na creathanna talún iad.Ar an mbonn sin, d'iarr an Chróit go leasófaí na garspriocanna agus na spriocanna thuasluaite agus go ndéanfaí na hathruithe thuasluaite. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(24) Mhínigh an Chróit nach féidir seacht mbeart a bhaint amach go hiomlán a thuilleadh mar gheall ar imthosca oibiachtúla, go príomha mar gheall ar shaincheisteanna an tslabhra soláthair. Baineann sé sin le sprioc 51 le haghaidh infheistíochta C1.2 R1-I3 (Úsáid hidrigine agus teicneolaíochtaí nua) faoi chomhchuid 1.2 (Aistriú fuinnimh do gheilleagar inbhuanaithe), spriocanna 119 agus 121 le haghaidh infheistíochta C1.4 R5-I2 (Taighde, forbairt agus táirgeadh feithiclí soghluaisteachta nua agus bonneagar tacaíochta) faoi chomhpháirt 1.4 (Córas iompair iomaíoch, inbhuanaithe ó thaobh fuinnimh de agus éifeachtúil a fhorbairt), garsprioc 184 le haghaidh infheistíochta C2.3 R2-I4 (Comhdhlúthú córas bonneagair faisnéise sláinte CEZIH), sprioc 200 le haghaidh infheistíochta C2.3 R3-I15 (Réitigh feidhmchlár turasóireachta a chur ar bun chun an t-ualach riaracháin a bhaint d'fhiontraithe agus an tsamhail turasóireachta a chlaochlú i dtreo na hinbhuanaitheachta), sprioc 201 le haghaidh infheistíochta C2.3 R3-I16 (próisis sa spórt agus san áineas a dhigitiú ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach) faoi chomhchuid 2.3 (Aistriú digiteach na sochaí agus an riaracháin phoiblí), sprioc 320 le haghaidh infheistíochta C5.1 R1-I1 (Cógaslanna soghluaiste a thabhairt isteach sa chúram príomhúil) faoi chomhpháirt 5.1 (Athléimneacht an chórais cúraim sláinte a neartú); agus sprioc 321 le haghaidh infheistíochta C5.1 R1-I2 (aonaid chúraim shoghluaiste le haghaidh othair sheachtracha) faoi chomhpháirt 5.1 (Athléimneacht an chórais cúraim sláinte a neartú). Ar an mbonn sin, d'iarr an Chróit go ndéanfaí na garspriocanna agus na spriocanna thuasluaite a leasú, agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(25) Mhínigh an Chróit nach féidir trí bheart a bhaint amach go hiomlán a thuilleadh mar gheall ar imthosca oibiachtúla toisc go bhfuil méadú suntasach tagtha ar chostais mheasta na mbeart mar thoradh ar bhoilsciú ard. Is iad praghsanna fuinnimh is mó ba chúis leis an mboilsciú ard, agus tháinig méadú ar na praghsanna sin go háirithe de bharr cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Mar sin féin, tháinig méadú ar phraghsanna eile go tapa freisin. Mar shampla, cuireadh dlús suntasach leis an bhfás ar phraghsanna tógála in 2021 go príomha mar gheall ar shuaitheadh soláthair. Is iad na trí bheart lena bhaineann sé seo ná sprioc 71 le haghaidh infheistíochta C1.3 R1-I2 (Clár forbartha soláthair uisce phoiblí) faoi chomhchuid 1.3 (Bainistiú uisce agus bainistiú dramhaíola a fheabhsú) i gcás inar laghdaíodh méid ciliméadar an líonra soláthair uisce a tógadh nó a atógadh, infheistíocht C3.1 R1-I3 (Tógáil, uasghrádú, athchóiriú agus feistiú meánscoileanna) faoi chomhchuid 3.1 (An córas oideachais a athchóiriú), a ndearnadh a meastachán costais a nuashonrú dá réir gan an t-imchlúdach foriomlán don bheart a athrú; agus garsprioc 288 den athchóiriú C4.1 R2 (An córas cuimsiúcháin agus faireacháin ar ghrúpaí leochaileacha sa mhargadh fostaíochta a neartú trí fheabhas a chur ar phróisis ghnó CES) faoi chomhpháirt 4.1 (Bearta fostaíochta agus an creat dlíthiúil don mhargadh fostaíochta nua-aimseartha agus do gheilleagar na todhchaí a fheabhsú), i gcás ina bhfuil gá le níos mó ama chun imthosca eacnamaíocha nua a chur san áireamh, go háirithe maidir le boilsciú ard agus treochtaí nua sa mhargadh fostaíochta, san anailís ar leordhóthanacht na sochar dífhostaíochta. Ar an mbonn sin, d’iarr an Chróit go leasófaí leibhéal an chur chun feidhme is gá maidir leis na bearta thuasluaite trí gharspriocanna nó spriocanna áirithe a leasú, nó a meastacháin costas, agus síneadh a chur le hamlíne na garsprice 288. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(26) Mhínigh an Chróit nach féidir dhá bheart a bhaint amach go hiomlán a thuilleadh mar gheall ar imthosca oibiachtúla nach bhfuil smacht ag an aireacht inniúil ná ag an tairbhí orthu, eadhon mar gheall ar chastacht agus ar fhad na nósanna imeachta chun comhpháirteanna ríthábhachtacha de na tionscadail a chur ar bun. Baineann sé sin leis na bearta seo a leanas faoi chomhchuid 1.4 (Córas iompair atá iomaíoch, inbhuanaithe ó thaobh fuinnimh de agus éifeachtúil a fhorbairt); sprioc 107 le haghaidh infheistíochta C1.4 R2-I6 (Úsáid teicneolaíochtaí glasa in iompar paisinéirí d'iarnród) agus sprioc 118 le haghaidh infheistíochta C1.4 R5-I1 (An córas láimhseála ar an talamh agus soláthar cumhachta a leictriú agus a ghlasú in aerfort Zadar). Ar an mbonn sin, d'iarr an Chróit go leasódh sí leibhéal an chur chun feidhme is gá maidir leis na bearta thuasluaite trí na garspriocanna thuasluaite a leasú, síneadh a chur lena n-amlínte. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(27) Mhínigh an Chróit nach féidir beart amháin a bhaint amach go hiomlán a thuilleadh mar gheall ar imthosca oibiachtúla, eadhon mar gheall ar easpa éilimh ar ríomhshíniú cáilithe cianda. Baineann sé sin le sprioc 185 le haghaidh infheistíochta C2.3 R3-I5 (An Tionscadal chun an Cárta Aitheantais Digiteach a Chur in Úsáid) faoi chomhchuid 2.3 (Aistriú digiteach na sochaí agus an riaracháin phoiblí). Ar an mbonn sin, d'iarr an Chróit an beart thuasluaite a leasú trí shíneadh a chur le hamlíne an tionscadail thuasluaite. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(28) Anuas air sin, d’iarr an Chróit go mbainfí úsáid as na hacmhainní eile a saoradh trí dheireadh a chur le bearta faoi Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241 chun beart amháin a leasú. Baineann sé sin le spriocanna nua 376 agus 377 le haghaidh infheistíochta C1.2 R1-I1 (An córas fuinnimh a athdhaingniú, a thógáil agus a dhigitiú agus tacú leis an mbonneagar chun an earnáil fuinnimh a dhícharbónú) faoi chomhchuid 1.2 (Aistriú fuinnimh do gheilleagar inbhuanaithe). Ar an mbonn sin, d’iarr an Chróit go leasódh sí leibhéal an chur chun feidhme is gá maidir leis an mbeart thuasluaite trí na garspriocanna thuasluaite a chur leis. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(29) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an gCróit, go bhfuil údar maith leis an nuashonrú de bhun Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241 agus leis an leasú de bhun Airteagal 21(2) den Rialachán sin.

Ceartúcháin ar earráidí cléireachais

(30) Sainaithníodh 11 earráid chléireachais i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021, lena ndéantar difear do thrí gharsprioc, do chúig sprioc agus do naoi mbeart. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú, earráidí nach dtagann le hábhar an phlean téarnaimh agus athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 14 Bealtaine 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Chróit. Baineann na hearráidí cléireachais sin leis an tuairisc ar bheart sprioc 185 le haghaidh infheistíochta C2.3 R3-I5 (An Tionscadal chun an Cárta Aitheantais Digiteach a Chur in Úsáid) faoi chomhchuid 2.3 (Aistriú digiteach na sochaí agus an riaracháin phoiblí). tuairisc ar an mbeart ar athchóiriú C2.5 R1 (Éifeachtúlacht an chórais ceartais a mhéadú chun muinín na saoránach a mhéadú) agus garsprioc 226 le haghaidh infheistíochta C2.5 R1-I3 (Uirlis a fhorbairt chun cinntí cúirte a fhoilsiú agus a chuardach) faoi chomhchuid 2.5 (Ceartas nua-aimseartha atá oiriúnach do dhúshláin a bheidh ann amach anseo); tuairisc ar an mbeart le haghaidh infheistíochta C1.3 R1-I1 (Clár forbartha poiblí séarachais) agus le haghaidh infheistíochta C1.3 R1-I3 (Clár laghdaithe rioscaí tubaistí) faoi chomhpháirt 1.3 (Bainistiú uisce agus bainistiú dramhaíola a fheabhsú); garsprioc 142 den athchóiriú C1.6 R1 (Athléimneacht agus inbhuanaitheacht earnáil na turasóireachta a fheabhsú) agus garsprioc 148 agus sprioc 149 le haghaidh infheistíochta C1.6 R1-I3 (Acmhainneacht a neartú le haghaidh córais turasóireachta athléimní agus inbhuanaithe) faoi chomhchuid 1.6 (Turasóireacht inbhuanaithe, nuálach agus athléimneach a fhorbairt); sprioc 272 le haghaidh infheistíochta C3.1 R1-I3 (Bunscoileanna a thógáil, a uasghrádú, a athchóiriú agus a fheistiú) faoi chomhchuid 3.1 (Athchóiriú an chórais oideachais); Athchóiriú C5.1 R1 (Feabhas a chur ar éifeachtúlacht, cáilíocht agus inrochtaineacht an chórais sláinte); sprioc 343 le haghaidh infheistíochta C5.1 R5-I5 (Aonaid dhiagnóiseacha Ospidéal Cliniciúil 'KB Merkur' a dhigitiú agus a fheistiú) faoi chomhpháirt 5.1 (Athléimneacht an chórais cúraim sláinte a neartú). Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

(31) Chun na meastacháin costas le haghaidh infheistíochta C3.1 R1-I3 (Bunscoileanna a thógáil, a uasghrádú, a athchóiriú agus a fheistiú) faoi chomhpháirt 3.1 (Athchóiriú an chórais oideachais) a ailíniú go hiomlán leis an tuairisc leasaithe ar sprioc 272, cuireadh sprioc nua isteach i dtéarmaí seomraí ranga a tógadh nó a athchóiríodh.

Caibidil REPowerEU bunaithe ar Airteagal 21c de Rialachán (AE) 2021/241

(32) I gcaibidil REPowerEU áirítear athchóiriú nua amháin agus cúig infheistíocht nua. Le hathchóiriú C7.2 R4 (Samhail nua a thabhairt isteach chun cláir foghlama aosaí a ullmhú, a eagrú agus a chur chun feidhme, ar cláir iad a bhfuil d'aidhm acu scileanna agus inniúlachtaí glasa a fhorbairt in earnáil na tógála agus modúil iomchuí chun lánpháirtiú rathúil san earnáil a spreagadh le haghaidh oibrithe eachtracha ó thríú tíortha), meastar go dtabharfar isteach samhail nua de chláir foghlama aosaí a bhfuil d'aidhm acu ar scileanna agus inniúlachtaí glasa a fhorbairt in earnáil na tógála le haghaidh oibrithe neamh-AE, rud a chuirfidh le cuspóir REPowerEU faoi Airteagal 21c(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241.

(33) Le hinfheistíocht C7.1 R1-I6 (Acmhainneachtaí tarchurtha agus dáileacháin an líonra leictreachais a neartú) meastar go méadófar an acmhainneacht tarchurtha leictreachais, agus go bhfeabhsófar aslonnú leictreachais ón deisceart go dtí an tuaisceart, rud a chuirfidh le cuspóirí REPowerEU faoi Airteagal 21c(3) pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241. Baineann infheistíocht C7.1 I3 (Acmhainneacht chríochfort GNL ar oileán Krk a mhéadú agus an bonneagar gáis a neartú) le leathnú chríochfort GNL ar oileán Krk agus le leathnú na bpíblínte gáis ábhartha i dtreo na Slóivéine agus na hUngáire, rud a rannchuidíonn le cuspóir REPowerEU faoi Airteagal 21c(3), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/241. Baineann infheistíocht C7.1 R1-I2 (Geilleagar bunaithe ar hidrigin a bhunú (trí Ghleann Hidrigine Mhuir Aidriad Thuaidh)) le cómhaoiniú tionscadal hidrigine in-athnuaite, lena n-ainmnítear Gníomhaireacht Hidreacarbóin na Cróite mar an comhlacht comhordaithe hidrigine sa Chróit, glacadh an phlean agus an chláir forbartha hidrigine, glacadh cúig inneall féinghluaiste díosail do hidrigin agus tógáil stáisiún luchtaithe hidrigine, rud a rannchuidíonn le cuspóirí REPowerEU faoi Airteagal 21c(3) pointí (b) agus (e) de Rialachán (AE) 2021/241. Baineann infheistíochtaí C7.1 R1-I3 agus C7.1 R1-I4 (Úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite san iompar agus sa téamh a neartú) le taiscéalaíocht gheoiteirmeach chun críoch téimh ceantair, bithmheatáin inbhuanaithe a tháirgeadh, plean forbartha geoiteirmeach a d’fhéadfadh a bheith ann a ullmhú agus bithghás a dheimhniú, agus bonneagar luchtaithe nua a thógáil le haghaidh busanna leictreacha, rud a rannchuidíonn le cuspóirí REPowerEU faoi Airteagal 21c(3) pointí (b) agus (e) de Rialachán (AE) 2021/241.

Le rannchuidiú bhearta REPowerEU chun foinsí fuinnimh in-athnuaite a chur in úsáid, leis an líonra dáileacháin leictreachais a neartú, ach le feabhas a chur ar éagsúlú an tsoláthair gáis san Aontas freisin, meastar go gcuideoidh sé le laghdú a dhéanamh ar an mbaol go mbeidh praghsanna arda fuinnimh ann. Meastar go rachaidh sé sin chun tairbhe do na tomhaltóirí uile, na tomhaltóirí is leochailí san áireamh. Áirítear sa chaibidil REPowerEU freisin bearta méadaithe lena ndéantar difear do sheacht mbeart faoi chomhpháirteanna 1.2 (Aistriú fuinnimh le haghaidh geilleagar inbhuanaithe) agus 1.4 (Córas iompair iomaíoch, inbhuanaithe ó thaobh fuinnimh de agus éifeachtúil a fhorbairt) agus tionscnamh 6.1 (Athchóiriú foirgneamh). Leis na bearta méadaithe a áirítear sa chaibidil REPowerEU, tugtar isteach feabhas substainteach ar leibhéal uaillmhéine na mbeart atá san áireamh cheana féin sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta.

(34) I gcomhréir le hAirteagal 21c(2) de Rialachán (AE) 2021/241, i bhfianaise an laghdaithe ar ranníocaíocht uasta airgeadais EUR 785 mhilliún, chuir an Chróit trí bheart san áireamh i gcaibidil REPowerEU a bhí i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 cheana féin. Léiríodh na bearta sin sa Chinneadh Cur Chun Feidhme sin faoi chomhpháirt 1.2 (Aistriú fuinnimh le haghaidh geilleagar inbhuanaithe), infheistíocht C1.2 R1-I2 (Úsáid hidrigine agus teicneolaíochtaí nua), infheistíocht C1.2 R1-I4 (Bithscaglann chun bithbhreoslaí ardfhorbartha Sisak a tháirgeadh) agus tionscnamh 6.1 (Athchóiriú foirgneamh) agus infheistíocht C6.1 R1-I2 (Foirgnimh a ndearnadh damáiste dóibh i gcreathanna talún a athchóiriú agus ina mbeidh córas nua fuinnimh).

(35) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

Freagairt chothrom lena gcuirtear leis na sé cholún

(36) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (a) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, is é atá sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe lena n- áirítear caibidil REPowerEU, den chuid is mó (rátáil A), freagairt chuimsitheach agus chothromaithe leormhaith ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta, rud a chuireann go hiomchuí le gach ceann de na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán sin, agus na dúshláin shonracha atá os comhair an Bhallstáit lena mbaineann agus an leithdháileadh airgeadais don Bhallstát lena mbaineann á gcur san áireamh.

(37) Baineann plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Cróite spriocanna glasa agus digiteacha Rialachán (AE) 2021/241 amach agus, dá réir sin, cuireann sé go mór leis an gcéad dá cholún d'Airteagal 3 den Rialachán sin. Déantar na bearta a rannchuidíonn leis an dá cholún sin a dháileadh ar chomhpháirteanna éagsúla. Sa chaibidil REPowerEU tá tacar cothrom athchóirithe agus infheistíochtaí nua i roinnt comhpháirteanna a chuireann go substaintiúil leis an aistriú glas, chomh maith le roinnt beart atá ann cheana. Deimhnítear an rannchuidiú leis an bhfás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach agus le colúin an chomhtháthaithe shóisialta agus chríochaigh trí bhearta nua a thabhairt isteach agus trí na bearta atá ann cheana a mhéadú. Leanann bearta modhnaithe ó chomhpháirteanna éagsúla de bheith ag rannchuidiú leis an gcolún sláinte, eacnamaíoch, sóisialta agus athléimneachta institiúidí agus, an tráth céanna, mar gheall ar mhéadú na n-infheistíochtaí san oideachas neartaítear an rannchuidiú le colún na mbeartas don chéad ghlúin eile trí leibhéal na huaillmhéine a mhéadú go suntasach maidir leis an gcóras bunoideachais a athchóiriú.

Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile nó ar fhothacar suntasach de na dúshláin a shainaithnítear sna moltaí tírshonracha

(38) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go rannchuideoidh an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-  áirítear caibidil REPowerEU chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar gach dúshlán nó ar fhothacar suntasach dúshlán (rátáil A) arna sainaithint sna moltaí tírshonracha ábhartha, a dhírítear chuig an gCróit, lena n-  áirítear gnéithe fioscacha díobh nó dúshláin a sainaithníodh i ndoiciméid ábhartha eile arna nglacadh go hoifigiúil ag an gCoimisiún i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

(39) Go sonrach, cuirtear san áireamh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe moltaí tírshonracha a ghlac an Chomhairle go foirmiúil sula ndearna an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe. Ós rud é gur tháinig méadú ar an tacaíocht a d'iarr an Chróit i ndiaidh iarraidh ar iasacht bhreise chun tacú le bearta nach dtugtar aghaidh go heisiach ar chuspóirí REPowerEU, déantar moltaí struchtúracha uile 2022 agus 2023 a mheas sa mheasúnú foriomlán. Baineann moltaí struchtúracha sna moltaí tírshonracha 2022 agus 2023 leis an earnáil fuinnimh.

(40) Tar éis dó measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh maidir le cur chun feidhme na moltaí tírshonracha ábhartha uile mar chuid de Sheimeastar Eorpach 2023, measann an Coimisiún gur cuireadh chun feidhme ina iomláine moladh 3.1 ó 2020 maidir le bearta a choinneáil ar bun chun leachtacht a sholáthar d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus do dhaoine féinfhostaithe. Rinneadh dul chun cinn substaintiúil maidir leis an moladh 4.4. ó 2019 agus moladh 32. ó 2020 maidir leis na táillí paraifhioscacha is troime a laghdú.

(41) Ar an iomlán, comhlánaíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe an plean téarnaimh agus athléineachta tosaigh maidir le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha. Áirítear leis tacar fairsing d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus a rannchuidíonn le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta ar fad nó ar fhothacar mór de na dúshláin sin a leagtar amach sna moltaí tírshonracha a dhírigh an Chomhairle ar an gCróit i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, go sonrach dúshláin atá nasctha leis an earnáil fuinnimh a shainaithnítear trí na moltaí tírshonracha nua ó 2022 agus 2023. Áirítear i gcaibidil REPowerEU na Cróite bearta méadaithe agus bearta nua i líonraí fuinnimh (lena dtugtar aghaidh ar mholtaí 3.3 agus 3.4 ó 2022), glacadh foinsí fuinnimh in-athnuaite, hidrigin in-athnuaite (lena dtugtar aghaidh ar mholtaí 3.3 ó 2019, moladh 3.8 ó 2020, moladh 3.2 ó 2022 agus moltaí 3.1 agus 3.2 ó 2022), athchóiriú fuinnimh foirgneamh (lena dtugtar aghaidh ar mholadh moladh 3.3 ó 2019, moladh 3.4 ó 2022 agus moltaí 3.1 agus 3.5 ó 2023), bonneagar GNL agus gáis (lena dtugtar aghaidh ar mholadh.3.1 ó 2022), iompar astaíochtaí nialasacha (lena dtugtar ar mholadh , moladh 3.3 ó 2019, moladh 3.7 ó 2020, moladh 3.5 ó 2022 agus moltaí 3.1 agus 3.6 ó 2023) agus scileanna glasa (lena dtugtar aghaidh ar mholadh .3.7 ó 2023). Go sonrach, de thoradh athchóirithe méadaithe agus nua faoi chaibidil REPowerEU, eadhon córas nua a thabhairt isteach le haghaidh féintomhaltas táirgthe fuinnimh in-athnuaite, tacar staidéar le haghaidh stóráil gheolaíoch $CO_2$ faoi thalamh sa Chróit, Gníomhaireacht Hidreacarbóin na Cróite a ainmniú mar an comhlacht comhordaithe hidrigine sa Chróit, an plean agus an clár forbartha hidrigine, an plean forbartha geoiteirmeach féideartha, plean chun bithbhreoslaí a tháirgeadh agus a úsáid san iompar, agus bithghás a dheimhniú, tugtar aghaidh ar mholadh .moladh 3.3 ó 2019,.moladh 3.8 ó 2020, moladh 3.2 ó 2022 agus.moltaí 3.1 agus 3.2 ó 2023.

(42) Tá infheistíochtaí eile sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe agus bearta méadaithe eile a bhfuil d'aidhm acu aghaidh breise a thabhairt ar na dúshláin a shainaithnítear sna moltaí tírshonracha. Le méadú EUR 1 bhilliún ar an mbuiséad atá le leithdháileadh ar C3.1 R1-I4 Tógáil, uasghrádú, atógáil agus feistiú bunscoileanna le haghaidh teagasc seala aonair agus teagasc ar feadh lá iomlán, neartaítear go suntasach an ranníocaíocht chun aghaidh a thabhairt ar mholadh 2.1 ó 2019 agus moladh 2.4 ó 2020. Le méadú breise ar infheistíochtaí i séarachas poiblí agus i soláthar uisce, tugtar aghaidh ar mholadh .3.3 ó 2019 agus 3.6 ó 2020.

Cur leis an acmhainneacht fáis, le cruthú post agus le hathléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach

(43) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (c) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh tionchar ard (rátáil A) ag an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, ar acmhainneacht fáis, cruthú post agus athléimneacht eacnamaíoch shóisialta agus institiúideach na Cróite a neartú, lena gcuirfear le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena n-áirítear trí bheartais a chur chun cinn maidir le leanaí agus leis an óige, agus maidir le maolú a dhéanamh ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta ghéarchéim COVID-19, lena bhfeabhsófar, dá bhrí sin, an comhtháthú agus an cóineasú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach laistigh den Aontas.

(44) Sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU, tá infheistíochtaí a bhfuil d'aidhm acu dlús a chur leis an aistriú glas, athléimneacht i gcoinne suaití fuinnimh breise a áirithiú agus cuspóirí REPowerEU a bhaint amach. Go háirithe, chuir an Chróit bearta nua san áireamh chun úsáid fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn, acmhainneacht an chórais leictreachais a mhéadú, dlús a chur leis an ngeilleagar hidrigine, éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus caipiteal a mhealladh chuig gníomhaíochtaí inbhuanaithe.

(45) Áirítear freisin sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU, acmhainní breise chun na bearta atá ann cheana maidir le hiompar, bainistiú uisce agus oideachas a mhéadú, ar bearta iad atá beartaithe chun rannchuidiú a thuilleadh leis an aistriú glas agus chun borradh a chur faoin athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta.

(46) Meastar go dtreiseoidh an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe an fás eacnamaíoch cheana féin sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, agus meastar go mbeidh tionchar measartha mór ag infheistíochtaí táirgiúla, lena n-áirítear oiliúint agus oideachas, ar OTI, agus go mbeidh éifeachtaí dearfacha breise ag na hathchóirithe atá beartaithe. Leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe déantar leithdháileadh acmhainní a choigeartú chun an éifeachtúlacht is airde a bhaint amach astu maidir le foghlaim ar feadh an tsaoil agus sealbhú scileanna glasa agus digiteacha a éascú, lena n-áirítear na grúpaí leochaileacha.

Gan dochar suntasach a dhéanamh

(47) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (d) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go n- áiritheofar leis an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe lena n- áirítear an caibidil REPowerEU nach ndéanfar difear suntasach le haon bheart (rátáil A) maidir le cur chun feidhme na n- athchóirithe agus na dtionscadal infheistíochta a áirítear sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta sin do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] (an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh').

(48) Déantar measúnú sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe ar chomhlíonadh an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh' de réir na modheolaíochta a leagtar amach sa treoir theicniúil dá bhforáiltear san Fhógra ón gCoimisiún dar tedieal an Choimisiúin 'Treoir theicniúil maidir le cur i bhfeidhm 'gan dochar suntasach a dhéanamh' faoin Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta'[2]. Na hathruithe a tugadh isteach i mbhearta trí mhodhnú a dhéanamh ar an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta, ní dhéanann siad difear don mheasúnú a rinneadh ar an leagan bunaidh den phlean téarnaimh agus athléimneachta. Leis an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil, is féidir teacht ar an gconclúid go bhfuil coinne leis go n-áiritheofar leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe nach ndéanfaidh aon bheart dochar suntasach de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852.

---

[1] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

[2] IO C 58, 18.2.2021, lch.1.

(49) I gcomhréir le hAirteagal 21c (6) de Rialachán (AE) 2021/241, ar bhonn na faisnéise a sholáthraíonn an Chróit, measann an Coimisiún nár cheart feidhm a bheith ag an bprionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ maidir le hinfheistíocht C7.1 I3 lena n-áirítear leathnú an chríochfoirt GNL ar oileán Krk, chomh maith le leathnú phíblíne Zlobin — Bosiljevo, phíblíne aslonnaithe Bosiljevo — Sisak — Kozarac i dtreo na hUngáire, agus na coda Lučko — Zabok d’idirnascaire na Cróite — na Slóivéine.

(50) Go háirithe measann an Coimisiún go gcuidíonn leathnú na críochfort GNL ar oileán Krk ó 250 000 $m^3$/h go 700 00 $m^3$/h (2.9 billiún $m^3$ in aghaidh na bliana (bcm/y) go 6.1 bcm/y) ó thaobh spleáchas ar sholáthar gáis na Rúise a mhaolú in Oirdheisceart na hEorpa go háirithe sa tSlóivéin agus san Ungáir, a bhfuil roghanna teoranta maidir le bealaí soláthair gáis acu araon. Tá leathnú an chríochfoirt GNL le déanamh trí shioncrónú iomlán le leathnú bhonneagar píblíne gáis inmheánach na Cróite chun acmhainneacht mhéadaithe an tarchurtha gáis chuig an tSlóivéin agus chuig an Ungáir a áirithiú. Deimhníodh freisin in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Teachtaireacht maidir le Plean REPowerEU rannchuidiú an bhirt le spleáchas ar sholáthar na Rúise a mhaolú, rud a chuireann feabhas ar shlándáil an tsoláthair, bunaithe ar an measúnú a rinne Líonra Eorpach na nOibreoirí Córais Tarchurtha Gáis (ENTSOG). Ós rud é go bhfuil éileamh bliantúil 14 bcm/y ón gCróit, ón tSlóivéin agus ón Ungáir níos mó ná dhá oiread i gcomparáid le hacmhainneacht leathnaithe críochfoirt GNL 6. bcm/y, tá an beart comhréireach. Cuireadh roghanna malartacha níos glaine amhail hidrigin in-athnuaite san áireamh, ach ní féidir iad a mheas mar rogha mhalartach atá indéanta ó thaobh na teicneolaíochta agus na heacnamaíochta de a d’fhéadfaí a úsáid laistigh d’amlíne chomhchosúil, faoi dheireadh 2026.

Agus é á chur san áireamh go bhfuil gach tionscadal tarchurtha gáis le bheith ullmhaithe go teicniúil chun hidrigin a iompar, agus gurb é acmhainneacht breise theoranta chríochfort GNL an t-íosmhéid is gá chun rannchuidiú le deireadh a chur de réir a chéile le hallmhairí gáis na Rúise ag comharsana na Cróite, meastar go maolaítear an baol maidir le héifeacht ghlasála. Dá bhrí sin, bunaithe ar an anailís ar na doiciméid tacaíochta arna soláthar ag an gCróit, cinneann an Coimisiún go dearfach go bhfuil an beart riachtanach agus comhréireach chun freastal ar riachtanais láithreacha chinnteacht an tsoláthair, agus roghanna indéanta níos glaine agus an baol go mbeidh éifeachtaí glasála ann á gcur san áireamh, i gcomhréir le hAirteagal 21c (6), pointe (a) de Rialachán (AE) 2021/241.

(51) Deimhníonn torthaí na measúnuithe ábhartha ar an tionchar ar an gcomhshaol go bhfuil na tionscadail le cur chun feidhme i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil comhshaoil AE agus náisiúnta is infheidhme, chun cuidiú le díobháil a mhaolú, go háirithe trí cháilíocht an aeir, dobharlaigh, ithir agus bithéagsúlacht a chosaint. Tá plean bainistithe dramhaíola beartaithe leis na measúnuithe tionchair ar an gcomhshaol, lena bhforáiltear maidir le bailiú ar leithligh dramhaíola cathrach agus ábhar guaiseach. Ní mór rioscaí fisiceacha aeráide do thionscadal bonneagair an ghréasáin gáis a shainaithint trí mheasúnú láidir riosca agus leochaileachta a dhéanamh maidir leis an aeráid. Níl scála an bhirt níos mó ná mar is gá chun freastal ar riachtanais shlándáil an tsoláthair fuinnimh san Aontas. Bunaithe ar an anailís ar na doiciméid tacaíochta a chuir an Chróit ar fáil, measann an Coimisiún go ndearnadh iarrachtaí sásúla chun an díobháil a d’fhéadfadh a bheith ann do chuspóirí comhshaoil a theorannú, i gcás inarb indéanta, i gcomhréir le hAirteagal 21c (6), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241.

(52) Tá sé beartaithe an críochfort GNL ar oileán Krk agus an bonneagar píblíne gáis ábhartha a leathnú chun freastal ar na riachtanais ó thaobh shlándáil an tsoláthair de a bhfuil géarghá leo agus chun nach méadófar tomhaltas gáis a thuilleadh laistigh den Aontas de bhrí go bhfuil sé d’aidhm aige an acmhainneacht gáis a allmhairíodh ón Rúis roimhe seo a ionadú. Tá an beart ailínithe leis an mbeartas fuinnimh agus aeráide níos leithne a leag an Chróit amach sa dréacht den Phlean Náisiúnta nuashonraithe don Fhuinneamh agus don Aeráid. Bunaithe ar an anailís ar na doiciméid tacaíochta a chuir an Chróit ar fáil, measann an Coimisiún nach gcuirtear baint amach spriocanna aeráide 2030 an Aontais agus cuspóir aeráidneodrachta an Aontais faoi 2050 i mbaol mar gheall ar an beart, i gcomhréir le hAirteagal 21c (6), pointe (c) de Rialachán (AE) 2021/241.

(53) De réir na ndoiciméad tacaíochta a chuir an Chróit ar fáil, tá sé beartaithe an beart a bheith i bhfeidhm faoin 31 Nollaig 2026, i gcomhréir le hAirteagal 21c (6), pointe (d) de Rialachán (AE) 2021/241.

(54) Is é EUR 559 000 000 costais mheasta iomlána infheistíocht C7.1 I3 arb é atá i gceist leis19 % de chostais mheasta na mbeart a áirítear i gcaibidil REPowerEU, i gcomhréir le hAirteagal 21c(9) de Rialachán (AE) 2021/241.

(55) I gcomhréir le hAirteagal 21c (8) de Rialachán (AE) 2021/241, ní rannchuideoidh na hioncaim a chuirfear ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 10e(1) de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] le hinfheistíocht C7.1 I3 faoi réir an mhaolaithe ar an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh', ós rud é gur mó costais mheasta na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí eile i gcaibidil REPowerEU ná an méid atá ar fáil don Chróit faoi Airteagal 21d de Rialachán (AE) 2021/241.

Rannchuidiú le cuspóirí REPowerEU

(56) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (da), agus Iarscríbhinn V, critéar 2.12, a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241, meastar go rannchuideoidh caibidil REPowerEU go héifeachtach agus go mór (rátáil A) leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh foinsí in- athnuaite agus le héifeachtúlacht fuinnimh, le méadú ar acmhainneachtaí stórála fuinnimh nó leis an laghdú is gá ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030.

---

[1] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas um lamháltas astaíocht gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

(57) Leis an infheistíocht nua C7.1 I3 (acmhainneacht an chríochfoirt GNL ar oileán Krk a mhéadú agus an bonneagar gáis a neartú) tá coinne leis go rannchuideoidh sé le cuspóirí REPowerEU feabhas a chur ar shlándáil an tsoláthair agus ar éagsúlú sholáthar an Aontais le haghaidh gáis faoi Airteagal 21c(3) pointe (a) de Rialachán (AE) 2021/241 trí spleáchas ar sholáthar ghás na Rúise in Oirdheisceart na hEorpa a mhaolú, go háirithe sa tSlóivéin agus san Ungáir, a bhfuil roghanna teoranta maidir le bealaí soláthair acu araon. Áirítear leis an infheistíocht sin leathnú Krk críochfoirt GNL go 700 000 $m^3$/h (6.1 billiún $m^3$ in aghaidh na bliana (bcm/y)), agus leathnú phíblíne Soobin — Bosiljevo, píblíne aslonnaithe i dtreo na hUngáire, Bosiljevo — Sisak — Kozarac, roinn Lučko — Zabok d'idirnascaire na Cróite — na Slóivéine. Is é is aidhm don infheistíocht sin bealach malartach gáis a chur ar fáil do Bhallstáit chomharsanachta na Cróite amhail an tSlóivéin, an Ungáir, ós rud é go bhfuil acmhainneacht leordhóthanach (2.9 bcm/y) ag críochfort GNL Krk cheana féin chun freastal ar éileamh bliantúil gáis na Cróite.

(58) Meastar go rannchuideoidh an chuid mhéadaithe d'infheistíocht C7.2 I1 (Athchóiriú fuinnimh ar fhoirgnimh) agus infheistíocht mhéadaithe C7.2 I2 (Athchóiriú fuinnimh ar fhoirgnimh a ndearnadh damáiste dóibh i gcreathanna talún) le cuspóirí REPowerEU maidir le borradh a chur faoin éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh faoi Airteagal 21c(3) pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241. Cuireann na hinfheistíochtaí sin cistí breise ar fáil chun athchóiriú fuinnimh a dhéanamh ar fhoirgnimh phoiblí agus ar fhoirgnimh ilteaghaise, chun athchóiriú fuinnimh a dhéanamh ar fhoirgnimh phoiblí faoi shamhail ESCO, agus chun athchóiriú fuinnimh a dhéanamh ar fhoirgnimh a ndearna na creathanna talún damáiste dóibh.

(59) Infheistíocht C7.1 R1-I5 (Bithscagadh chun bithbhreoslaí ardfhorbartha a tháirgeadh, Sisak), athchóiriú C7.1 R1 (Dícharbónú na hearnála fuinnimh) a mhéadú, infheistíocht C7.1 R1-I1 (Úsáid hidrigine agus teicneolaíochtaí nua), chomh maith le hinfheistíochtaí nua C7.1 R1-I2 (Geilleagar hidriginbhunaithe a bhunú (trí Ghleann Hidrigine Mhuir Aidriad Thuaidh)) agus infheistíochtaí C7.1 R1-I3 'Úsáid foinsí inathnuaite fuinnimh san iompar agus sa téamh a neartú' agus C7.1 R1-I4 (Úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh san iompar agus sa téamh a neartú), meastar go rannchuideoidh siad le cuspóirí REPowerEU maidir leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí tháirgeadh agus glacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh amhail bithmheatán inbhuanaithe, hidrigin in-athnuaite agus fuinnimh geoiteirmeach a mhéadú agus sciar an fhuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus dlús a chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite faoi Airteagal 21c(3) pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241. Baineann na bearta sin le saoráid bhithscaglainne a theacht i bhfeidhm in Sisak, córas nua féintomhaltais a chur ar bun lena gcuirfí dlús le glacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh, amhail fótavoltachas gréine ar thithe teaghlaigh aonair agus ar fhoirgnimh ilárasán, táirgeadh nua hidrigine 10 MW, tógáil sé stáisiún luchtaithe hidrigine agus sraith staidéar le haghaidh stóráil gheolaíoch $CO_2$ faoi thalamh sa Chróit. Baineann na bearta freisin le cómhaoiniú tionscadal hidrigine in-athnuaite i gcomhthéacs Ghleann Hidrigin Aidriad Thuaidh agus ainmniú Ghníomhaireacht Hidreacarbóin na Cróite mar chomhlacht comhordaithe hidrigine sa Chróit, an plean agus an clár forbartha hidrigine chomh maith le taiscéalaíocht agus druileáil gheoiteirmeach chun críche téimh ceantair, táirgeadh bithmheatáin inbhuanaithe, plean forbartha geoiteirmeach agus deimhniú bithgháis.

(60) Meastar go rannchuideoidh infheistíocht mhéadaithe C7.2 I1 (Athchóiriú fuinnimh ar fhoirgnimh) le cuspóir REPowerEU maidir le haghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh, faoi Airteagal 21c(3), pointe (c) de Rialachán (AE) 2021/241, trí leithdháileadh breise a chur ar fáil don Chlár Bochtaineachta Fuinnimh atá ar siúl faoi láthair.

(61) Na hathchóirithe uas-scálaithe C7.2 R1 (Éifeachtúlacht a mhéadú, an t-ualach riaracháin a laghdú agus an próiseas athchóirithe a dhigitiú) agus athchóirithe C7.2 R2 agus C7.2 R3 (Samhail nua le haghaidh straitéisí um athnuachan uirbeach glas a thabhairt isteach agus treoirthionscadail a chur chun feidhme chun bonneagar glas a fhorbairt agus bainistiú ciorclach foirgneamh agus spáis), tá coinne leis go rannchuideoidh siad le cuspóir REPowerEU maidir leis an éileamh ar fhuinneamh a laghdú, faoi Airteagal 21c(3) pointe (d) de Rialachán (AE) 2021/241, trí fheasacht an phobail ar thairbhí an aistrithe ghlais a mhéadú, agus trí thacú le tionscadail bonneagair ghlais a fhorbairt.

(62) Tá coinne leis go rannchuideoidh infheistíocht nua C7.1 R1-I6 (Acmhainneachtaí tarchurtha agus dáileacháin an ghréasáin leictreachais a neartú) le cuspóirí REPowerEU maidir le slándáil fuinnimh a mhéadú agus aghaidh a thabhairt ar scrogaill i ndáileadh leictreachais faoi Airteagal 21c(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/241. Meastar go bhfeabhsóidh an beart sin an acmhainneacht tarchurtha leictreachais, agus aslonnú leictreachais ar bhealach níos fear ó theas go tuaisceart na Cróite.

(63) Infheistíochtaí uas-scálaithe C7.11 I1 (Soláthar feithiclí faoi thiomáint breoslaí malartacha le haghaidh iompar rialta poiblí uirbeach agus fo-uirbeach) agus C7.1. I2 (Clár cómhaoinithe chun feithiclí breosla mhalartaigh a cheannach agus chun bonneagar breoslaí malartacha a fhorbairt san iompar de bhóthar) mar aon le hinfheistíochtaí nua C7.1 R1-12 (Geilleagar bunaithe ar hidrigin a bhunú (trí Ghleann Hidrigine Mhuir Aidriad Thuaidh)) agus C7.1 R-14 (Úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite a neartú san iompar agus sa téamh) agus infheistíocht C7.1 R1-15 (Bithscagadh le haghaidh táirgeadh bithbhreosla ardfhorbartha, Sisak), tá coinne leis go rannchuideoidh siad le cuspóirí REPowerEU ó thaobh tacú le hiompar astaíochtaí nialasacha, faoi Airteagal 21c(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/241. Áirítear ar na bearta sin 103 bhus leictreacha nó hidrigine breise a sholáthar agus aonad fuinnimh hidrigine chun innill féinghluaiste leictreacha a chumhachtú (HERMES), stáisiúin luchtaithe leictreacha níos tapúla in iompar de bhóthar, cúig inneall féinghluaiste díosail a iarfheistiú chuig hidrigin agus cúig stáisiún luchtaithe le haghaidh traenacha, busanna nó iompar muirí, bonneagar nua busanna leictreacha agus stáisiúin luchtaithe, chomh maith le plean a ghlacadh chun bithbhreoslaí a tháirgeadh agus a úsáid san iompar.

(64) Leis an athchóiriú nua C7.2 R4 (Samhail nua a thabhairt isteach chun cláir foghlama aosaí a ullmhú, a eagrú agus a chur chun feidhme, ar cláir iad atá dírithe ar scileanna agus inniúlachtaí glasa a fhorbairt in earnáil na tógála agus modúil iomchuí chun lánpháirtiú rathúil san earnáil a spreagadh d'oibrithe eachtracha ó thríú tíortha), meastar go rannchuideoidh sé le cuspóir REPowerEU athcháiliú an lucht saothair i dtreo scileanna glasa a luathú faoi Airteagal 21c(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241, trí shamhail nua de chláir foghlama aosaí a thabhairt isteach atá dírithe ar scileanna agus inniúlachtaí glasa a fhorbairt in earnáil na tógála d'oibrithe eachtracha nach den Aontas iad.

(65) Tá caibidil REPowerEU comhsheasmhach le creat beartais na Cróite arb é is aidhm dó astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus sciar na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite a mhéadú. Treisíonn na bearta freisin iad siúd a áirítear sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta bunaidh maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, iompar astaíochtaí nialasacha a chur chun cinn, agus sciar na bhfoinsí in-athnuaite a mhéadú.

(66) Tugtar aghaidh i gcaibidil REPowerEU ar an ngá atá le slándáil fuinnimh a fheabhsú tríd an eangach leictreachais a neartú, le hinfheistíocht nua C7.1 R1-I6 (Acmhainneachtaí tarchurtha agus dáileacháin an ghréasáin leictreachais a neartú).

(67) Tugtar aghaidh freisin i gcaibidil REPowerEU ar an ngá atá le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais trí infheistíocht i mbonneagar gáis nádúrtha leachtaithe agus gáis, mar atá críochfort GNL Krk a leathnú go 700 000 $m^3$/h (6.1 billiún $m^3$ in aghaidh na bliana (bcm/y)) agus píblínte ábhartha a thógáil chun an gás a onnmhairiú chuig Ballstáit chomharsanacha, in infheistíocht nua C7.1 I3 'Acmhainneacht an chríochfoirt GNL ar oileán Krk a mhéadú agus an bonneagar gáis a neartú'.

Bearta a bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag baint leo

(68) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (d) agus (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.13 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh gné nó tionchar trasteorann nó ilnáisiúnta go mór (rátáil A) ag baint leis na bearta a áirítear i gcaibidil REPowerEU.

(69) Baineann na hinfheistíochtaí a bhfuil gné ilnáisiúnta agus trasteorann acu a áirítear i gcaibidil REPowerEU le leathnú an chríochfoirt GNL ar oileán Krk agus leis an mbonneagar ábhartha píblíne gáis ós rud é gur cheart go méadódh sé slándáil an tsoláthair trí bhealach malartach gáis a chur ar fáil d'Oirdheisceart na hEorpa, go háirithe an tSlóivéin agus an Ungáir. Tá gné thrasteorann ag baint leis na hinfheistíochtaí in uasghrádú an líonra leictreachais freisin, toisc go meastar go gcumasóidh siad sciar níos airde d'fhoinsí in-athnuaite a nascadh leis an líonra agus an t-éileamh ar bhreoslaí iontaise a laghdú.

(70) Infheistíochtaí a bhaineann le hidrigin agus an infheistíocht i mbithscagadh chun bitheatánól ardfhorbartha a tháirgeadh, tá gné thrasteorann ag baint leis na hinfheistíochtaí san fhuinneamh geoiteirmeach agus sa bhithmheatán inbhuanaithe ós rud é gur cheart go méadóidís sciar agus glacadh an fhuinnimh in-athnuaite, agus go laghdóidís ar an gcaoi sin a t-éileamh ar bhreoslaí iontaise. Meastar go laghdóidh na hinfheistíochtaí in úsáid busanna breosla mhalartaigh agus bonneagar breoslaí malartacha an spleáchas ar bhreoslaí iontaise. Meastar go méadóidh na hinfheistíochtaí in athchóiriú foirgneamh an éifeachtúlacht fuinnimh, rud a laghdóidh an t-éileamh ar fhuinneamh agus an spleáchas ar bhreoslaí iontaise.

(71) Dá bhrí sin, ba cheart do bearta sin rannchuidiú le soláthar fuinnimh a áirithiú san Aontas ina iomláine, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin arna sainaithint sa mheasúnú is déanaí ar riachtanais ón gCoimisiún, i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 21c(3) de Rialachán (AE) 2021/241, agus aird á tabhairt ar an ranníocaíocht airgeadais atá ar fáil don Bhallstát lena mbaineann agus ar a shuíomh geografach, agus an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus an t-éileamh ar fhuinneamh a laghdú.

(72) Is é EUR 2 904.99 milliún san iomlán costais iomlána na mbeart sin, sin níos mó ná 30 % de chostais mheasta chaibidil REPowerEU.

Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n- áirítear an bhithéagsúlacht

(73) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU a chuireann go mór (rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le suim arb é atá inti 39.02 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta agus 62.63 % de chostais mheasta iomlána na mbeart i gcaibidil REPowerEU arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán sin. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n- áirítear caibidil REPowerEU comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021–2030.

(74) I bhfianaise an laghdaithe ar ranníocaíocht airgeadais phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cróite agus i bhfianaise na mbeart nua a chuirtear san áireamh sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta nach dtacaítear le cuspóirí aeráide, laghdaíodh rannchuidiú aeráide an phlean téarnaimh agus athléimneachta méadaithe ó 40.03 % go 39.02 %. Mar sin féin, cuireann caibidil REPowerEU tacaíocht breise ar fáil d'aistriú glas na Cróite, ós rud é go rannchuidíonn na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí go dlúth le borradh a chur faoin éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh agus, ar an gcaoi sin, tomhaltas fuinnimh a laghdú, an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí tháirgeadh agus glacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh a mhéadú, rannchuidiú le slándáil fuinnimh a mhéadú agus aghaidh a thabhairt ar scrogaill i ndáileadh leictreachais, agus tacú le dícharbónú na hearnála iompair.

(75) Maidir leis an méid a rannchuidíonn bearta chaibidil REPowerEU i bplean téarnaimh agus athléimneachta na cróite le spriocanna aeráide 2030 a bhaint amach agus leis an gcuspóir aeráidneodracht an Aontais a bhaint amach faoi 2050, is é is aidhm do na bearta sin glacadh foinsí fuinnimh in-athnuaite a spreagadh trí shamhail nua féintomhaltais a thabhairt isteach agus trí acmhainneacht táirgeachta hidrigine a leathnú. Thairis sin, chuir an Chróit bearta san áireamh freisin chun feabhas a chur ar ghlasú an iompair phoiblí, trí tuilleadh feithiclí leictreacha agus feithiclí faoi thiomáint hidrigine a sholáthar agus trí fheabhas a chur ar cháilíocht na mbonneagar breoslaí malartacha san iompar de bhóthar, chomh maith le cistí suntasacha breise a leithdháileadh chun foirgnimh a athchóiriú, rud a chuirfidh feabhas ar a n-éifeachtúlacht fuinnimh agus a thabharfaidh aghaidh ar an mbochtaineacht fuinnimh san fhadtéarma.

(76) Tá coinne leis go mbeidh tionchar fadtéarmach ag na bearta sin trí dhlús a chur le deireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise agus bogadh i dtreo córas marthanach fuinnimh in-athnuaite sa Chróit. Tá coinne leis go laghdóidh siad na hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus éascófar glacadh fuinnimh in-athnuaite sa Chróit agus go rannchuideoidh siad ar an gcaoi sin le spriocanna aeráide 2030 a bhaint amach agus le cuspóir aeráidneodrachta an Aontais faoi 2050.

Rannchuidiú leis an aistriú digiteach

(77) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d’Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a rannchuidíonn cuid mhór leis an aistriú digiteach nó a thugann aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le méid arb é atá i gceist leis 20,09 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnuithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(78) Tá an measúnú dearfach maidir leis an rannchuidiú leis an aistriú digiteach dá bhforáiltear i gCinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021 ón gComhairle fós bailí. Leanann an Plean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe de bheith ag rannchuidiú go suntasach leis an aistriú digiteach, lena n-áirítear trí mhéadú ar dhigitiú an riaracháin phoiblí, ar líon na seirbhísí digiteacha do shaoránaigh agus do ghnólachtaí chomh maith le hinfheistíochtaí i ríomhsheirbhísí sláinte agus i ndigitiú na hearnála iompair.

(79) Meastar go rannchuideoidh caibidil REPowerEU leis an aistriú digiteach agus le haghaidh a thabhairt na dúshláin a eascraíonn as sin trí bhainistiú an chórais cumhachta leictrí a dhigitiú agus trí leanúint de líonra cumhachta leictrí tarchurtha na Cróite a nuachóiriú trí athchóiriú C7.1 R1-I6 a chur chun feidhme, arb é is aidhm dó feabhas a chur ar an gcóras eangaí leictreachais, acmhainneacht tarchurtha leictreachais a mhéadú, agus leictreachas a aslonnú ar bhealach níos fearr ó dheas go tuaisceart na Cróite. I gcomhréir le hAirteagal 21c(5) de Rialachán (AE) 2021/241, ní raibh athchóirithe ná infheistíochtaí i gcaibidil REPowerEU le cur san áireamh agus leithdháileadh iomlán an phlean á ríomh chun ceanglas na sprice digití a leagtar síos leis an rialachán sin a chur i bhfeidhm.

Tionchar buan

(80) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (g), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.7 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh tionchar buan láidir (rátáil A) ag an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU ar an gCróit.

(81) Leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, méadaítear infheistíochtaí i bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite, glasú an iompair, agus athchóiriú fuinnimh ar fhoirgnimh, chomh maith le hinfheistíochtaí nua a thabhairt isteach san fhuinneamh in-athnuaite, go háirithe bonneagar hidrigine agus luchtaithe leictrigh, fuinneamh geoiteirmeach agus táirgeadh bithmheatáin inbhuanaithe. Leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, coinnítear uaillmhian an phlean téarnaimh agus athléimneachta tosaigh agus, san am céanna, cuirtear leis an mbéim ar an aistriú glas, i gcomhréir le cuspóirí REPowerEU. Rannchuidíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe freisin le forbairt inbhuanaithe fhadtéarmach trí infheistíochtaí breise a dhéanamh i mbonneagar bainistithe dramhaíola agus/ath-thógáil an ghréasáin soláthair uisce phoiblí.

(82) Neartaíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe athchóiriú an riaracháin phoiblí trí chóras feidhmíochta meastóireachta agus luaíochta a dhreasú sa státseirbhís. Méadaíonn sé freisin an iarracht chun athchóiriú a dhéanamh ar an gcóras oideachais i dtreo teagasc aon seal, trí thacú leis an infreastruchtúr riachtanach bunscoile. Díríonn athchóirithe nua in earnáil na tógála ar an ngeilleagar ciorclach, ar phleanáil uirbeach inbhuanaithe agus ar scileanna glasa a fhorbairt. Áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe freisin athchóirithe nua chun ról na hearnála airgeadais san airgeadas inbhuanaithe a neartú agus chun margaí caipitil a fhorbairt a thuilleadh. Leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sa phlean athbhreithnithe, ba cheart go gcuirfí tuilleadh feabhais ar thionchar marthanach an phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe ar tháirgiúlacht na Cróite agus ar athléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach na Cróite.

Faireachán agus cur chun feidhme

(83) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (h) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.8 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, is leormhaith (rátáil A) na socruithe atá beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU chun faireachán agus cur chun feidhme éifeachtach an phlean a áirithiú, lena n-áirítear an tráthchlár, na garspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na táscairí gaolmhara.

(84) Ní dhéanann Plean Athléimneachta agus Téarnaimh modhnaithe na Cróite difear diúltach do leibhéal uaillmhéine an phlean bunaidh. Is féidir na sásraí fíorúcháin ábhartha, na córais bailithe sonraí agus na freagrachtaí ábhartha a cháiliú mar chórais agus freagrachtaí atá soiléir, láidir agus éifeachtach chun a áirithiú go gcuirfear garspriocanna agus spriocanna i gcrích go hiomlán agus go tráthúil. Níl aon athrú ar an measúnú ar leordhóthanacht struchtúr cur chun feidhme an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta, ar na socruithe chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar thuairisciú, agus ar na socruithe eagraíochtúla foriomlána.

Costáil

(85) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n- áirítear caibidil REPowerEU maidir le méid na gcostas measta iomlán a bhaineann leis an bplean, tá an t-údar sin measartha réasúnta agus measartha sochreidte (rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na cost- éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(86) Ba é measúnú an phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh go raibh costas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta measartha (Rátáil B) réasúnta agus measartha sochreidte, go bhfuil sé ag teacht le prionsabal na héifeachtúlachta costais agus go bhfuil sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(87) Tá meastacháin costais aonair curtha ar fáil ag an gCróit do gach infheistíocht agus athchóiriú modhnaithe agus nua a raibh costas gaolmhar ag baint leo a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, ag brath ar roinnt foinsí chun údar a thabhairt dóibh. Áirítear orthu sin glaonna leasa a seoladh go sonrach chun críocha an phlean téarnaimh agus athléimneachta, conarthaí soláthair ina dtagraítear do sheirbhísí comhchosúla nó infheistíochtaí den chineál céanna roimhe seo. Tá an fhaisnéis faoi chostais arna soláthar ag an gCróit sách mionsonraithe agus réasúnaithe den chuid is mó. Sholáthair an Chróit meastacháin agus toimhdí ar chostais ag baint úsáid as an tábla teimpléid caighdeánach, a bhí beartaithe chun achoimre a dhéanamh ar an bpríomhfhaisnéis agus ar an bpríomhfhianaise maidir le costáil, lena n-áirítear an mhodheolaíocht is bun leis na ríomhanna costais. Chuir an Chróit doiciméid agus ábhair bhreise isteach freisin a bhí beartaithe chun meastacháin ar an gcostáil a shoiléiriú agus sonraí costála agus tagarmharcanna a sholáthar maidir le hinfheistíochtaí inchomparáide a rinneadh san am a chuaigh thart nó i dtíortha eile maidir leis an gcuid is mó de na bearta nua. Áirítear sna doiciméid sin tuairiscí agus mínithe ar na príomhspreagthaí agus ar na príomhathruithe ar chostais na mbeart modhnaithe agus a gcomhréireacht.

(88) Tá méid chostais mheasta iomlána an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le cineál agus saghas na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí atá beartaithe. Mar thoradh air sin, meastar go bhfuil meastacháin chostais do gach beart sa phlean téarnaimh agus athléimneachta inchreidte den chuid is mó nó réasúnta inchreidte. Tá faisnéis agus fianaise leordhóthanach soláthartha ag an gCróit nach gcumhdaítear méid na gcostas measta iomlán le maoiniú ón Aontas atá ann cheana nó atá beartaithe. Ar deireadh, tá costas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint

(89) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (j) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.10 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, na socruithe atá beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU, is leormhaith (rátáil A) iad chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú agus úsáid á baint as na cistí a sholáthraítear faoin Rialachán sin, agus meastar go seachnófar cistiú dúbailte ón tSaoráid agus ó chláir eile an Aontais ar bhealach éifeachtach leis na socruithe. Tá an méid sin gan dochar do chur i bhfeidhm ionstraimí agus uirlisí eile chun comhlíonadh dhlí an Aontais a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú, agus chun buiséad an Aontais a chosaint i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1).

(90) Thángthas ar chonclúid sa mheasúnú bunaidh maidir le leordhóthanacht na socruithe rialaithe agus iniúchóireachta a mhol an Chróit (rátáil A) faoi chritéar 2.10 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241, faoi réir comhlíonadh tráthúil ceithre gharsprioc a bhaineann le córas stórais chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta, sainordú dlíthiúil a ghlacadh don Stiúrthóireacht um Anailís Mhaicreacnamaíoch laistigh den Aireacht Airgeadais mar Chomhlacht Comhordaithe, agus an Ghníomhaireacht um iniúchadh ar chóras cur chun feidhme chláir an Aontais Eorpaigh mar an tÚdarás Iniúchóireachta, chomh maith leis an gcóras faireacháin agus rialaithe (ARPA) agus le nuashonrú na nósanna imeachta. Rinneadh reacht na ARPA a oiriúnú chun é a thabhairt i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/241 agus soláthraíonn sé an sainordú dlíthiúil chun iniúchtaí a dhéanamh faoi raon feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

(91) Ó rinneadh an measúnú bunaidh a bhí bunaithe ar an gcóras iniúchóireachta agus rialaithe atá beartaithe, fuair an gCoimisiún rochtain ar fhaisnéis maidir le cur chun feidhme iarbhír na nósanna imeachta rialaithe éagsúla chun calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú. Áirítear leis sin réamhthorthaí na hiniúchóireachta ar chosaint leasanna airgeadais an Aontais arna ndéanamh ag an gCoimisiún sa Chróit. Rinne údaráis na Cróite bearta leordhóthanacha chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí sa tuarascáil sin, lena n-áirítear nuashonrú críochnúil ar na rialacha lena n-áirithítear cosaint leasanna airgeadais an Aontais.

(92) I bhfianaise na faisnéise sin, measann an Coimisiún go bhfuil córas rialaithe inmheánaigh phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cróite leordhóthanach ar an iomlán. Tá an córas rialaithe inmheánaigh a bhfuil tuairisc air i bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Cróite bunaithe ar phróisis agus ar struchtúir láidre, agus sainaithnítear ann gníomhaithe soiléire agus a róil agus a bhfreagrachtaí i ndáil le feidhmiú na gcúraimí rialaithe inmheánaigh; I gcás gach comhpháirte/fo-chomhpháirte, ceapadh an t-údarás inniúil ar leibhéal na haireachta agus na hoifige rialtais láir chun athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme. An córas rialaithe inmheánaigh agus socruithe ábhartha eile i bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Cróite lena n-áirítear maidir leis na sásraí fíoraithe, bailiú agus stóráil sonraí, tá freagrachtaí na ngníomhaithe ábhartha leormhaith i ndáil le héilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú agus úsáid á baint as na cistí faoi Rialachán (AE) 2021/241 agus chun cistiú dúbailte faoin Rialachán sin agus faoi chláir eile an Aontais a sheachaint.

Comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta

(93) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (k) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.11 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, cuimsítear go mór (rátáil A) sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, bearta le haghaidh cur chun feidhme athchóirithe agus tionscadail infheistíochta phoiblí ar gníomhaíochtaí comhleanúnacha iad.

(94) Tá plean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh na Cróite bunaithe ar chúig chomhpháirt chomhleanúnacha, tionscnamh amháin, agus caibidil REPowerEU, a gcuireann gach ceann acu le cuspóirí ginearálta agus sonracha na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/241 ('an tSaoráid'). Tá gach comhpháirt bunaithe ar phacáistí comhsheasmhacha d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí araon, le bearta a threisíonn a chéile nó a chomhlánaíonn a chéile.

(95) Tacaíonn an raon leathan beart leis na cuspóirí coiteanna ó thaobh téarnamh gheilleagar na Cróite a spreagadh agus athléimneacht na tíre i gcoinne suaití amach anseo a neartú. Áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta athchóirithe tábhachtacha chun feabhas a chur ar bhainistiú uisce agus dramhaíola, ar oideachas, ar ghlacadh foinsí fuinnimh in-athnuaite agus ar thacaíocht breise a thabhairt don aistriú glas agus digiteach, lena bhforáiltear d'fhás inbhuanaithe cuimsitheach.

(96) Áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe athruithe ar na cúig chomhpháirt atá ann cheana agus ar thionscnamh 6.1 agus athchóirithe agus infheistíochtaí breise á dtabhairt isteach faoi chaibidil REPowerEU san am céanna. Leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, ní athraítear comhlántacht na gcúig chomhpháirt ná an tionscnamh amháin agus leantar de chuspóirí comhsheasmhacha comhleanúnacha a shaothrú. Leis na bearta uas-scálaithe agus na bearta a tugadh isteach le déanaí faoi chaibidil REPowerEU, cuirtear sraith chomhlántachta nua ar fáil maidir leis an aistriú fuinnimh agus an iarracht um dhícharbónú trí na bearta atá ann cheana maidir le fuinneamh glan, soghluaisteacht inbhuanaithe agus athchóiriú foirgneamh a chomhlánú nó a threisiú.

An próiseas comhairliúcháin

(97) Agus an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe á ullmhú, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, rinne an Chróit próiseas comhairliúcháin trí nós imeachta aiseolais i scríbhinn den chuid is mó maidir le comhpháirteanna aonair den phlean téarnaimh agus athléimneachta. Bhí an deis ag páirtithe leasmhara (ionadaithe aireachtaí, eagraíochtaí agus comhlachas i réimsí na margaí caipitil, an fhuinnimh, an iompair,) a dtograí tionscadail a chur isteach le haghaidh an phlean téarnaimh agus athléimneachta athbhreithnithe agus chaibidil REPowerEU. Rinne na comhlachtaí náisiúnta freagracha an t-aiseolas a fuarthas le linn an chomhairliúcháin a ionchorprú agus rinne siad ábhar chaibidil REPowerEU nua a chomhchuibhiú.

(98) Cuireadh páirtithe leasmhara, údaráis áitiúla, comhpháirtithe sóisialta agus an pobal i gcoitinne ar an eolas faoin dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme an phlean i gcás imeacht bliantúil na Cróite maidir le cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta. Beartaítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe tuilleadh comhairliúcháin leis na comhpháirtithe sóisialta nó le páirtithe leasmhara ábhartha maidir lena chur chun feidhme, go háirithe sula nglacfar reachtaíocht ábhartha maidir le príomhathchóirithe. Chun an úinéireacht a áirithiú le haghaidh na ngníomhaithe ábhartha, tá sé ríthábhachtach go mbeidh na húdaráis áitiúla agus na páirtithe leasmhara uile lena mbaineann, lena n- áirítear na comhpháirtithe sóisialta, rannpháirteach i gcur chun feidhme na n- infheistíochtaí agus na n- athchóirithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n- áirítear caibidil REPowerEU.

Measúnú dearfach

(99) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta lena n- áirítear caibidil REPowerEU agus an toradh a bhí air, mar atá, go comhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a chur chun feidhme, lena n- áirítear caibidil REPowerEU, na garspriocanna, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíochta airgeadais agus iasachta neamh- iníoctha le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe lena n- áirítear caibidil REPowerEU a leagan amach.

Ranníocaíocht airgeadais

(100) Is é EUR 10 040 701 600 costais mheasta iomlána phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Cróite, lena n-áirítear caibidil REPowerEU. Ós rud é go bhfuil méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Chróit, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh do phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Cróite lena n-áirítear caibidil REPowerEU a bheith comhionann le méid iomlán na ranníocaíochta airgeadais atá ar fáil le haghaidh plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Cróite lena n-áirítear caibidil REPowerEU. EUR 5 510 316 213 atá sa mhéid sin.

(101) De bhun Airteagal 21a(5) de Rialachán (AE) 2021/241, an 31 Lúnasa 2023 chuir an Chróit iarraidh isteach ar leithdháileadh an ioncaim dá dtagraítear in Airteagal 21a (1) den Rialachán sin, arna roinnt idir na Ballstáit ar bhonn na dtáscairí a leagtar amach sa mhodheolaíocht dá dtagraítear in Iarscríbhinn IVa a ghabhann leis an Rialachán sin. Is é EUR 2 366 650 094 costais mheasta iomlán na n-athchóirithe agus n-infheistíochtaí arb é is aidhm dóibh rannchuidiú leis na cuspóirí a leagtar amach sna bearta dá dtagraítear in Airteagal 21c(3)in Airteagal 21c(3), pointí (b) go (f), de Rialachán (AE) 2021/241 a áirítear i gcaibidil REPowerEU. Ós rud é go bhfuil an méid sin níos airde ná an sciar leithdháilte atá ar fáil don Chróit, ba cheart an tacaíocht airgeadais neamh- inaisíoctha atá ar fáil don Chróit a bheith cothrom leis an sciar leithdháilte. EUR 269 037 883 atá sa mhéid sin.

(102) Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 4ú de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], an 1 Márta 2023 chuir an Chróit iarraidh réasúnaithe isteach chun a leithdháileadh sealadach uile atá fágtha a aistriú ó acmhainní Chúlchiste Coigeartaithe Brexit chuig an tSaoráid, arb é EUR 7 190 532. Ba cheart an tsuim sin a chur ar fáil chun tacú leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí i gcaibidil REPowerEU mar thacaíocht airgeadais neamh- inaisíoctha bhreise.

(103) Ba cheart an ranníocaíocht airgeadais iomlán atá ar fáil don Chróit a bheith cothrom le EUR 5 786 544 628.

---

1 Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1).

Iasacht

(104) Ina theannta sin, chun tacú le hathchóirithe agus infheistíochtaí breise, d'iarr an Chróit tacaíocht iasachta iomlán atá cothrom le EUR 4 254 156 972, go háirithe EUR 2 649 421 679 chun tacú leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí i gcaibidil REPowerEU agus EUR 1 604 735 293 chun tacú leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí eile sa phlean téarnaimh agus athléimneachta. Tá uasmhéid na hiasachta a d'iarr an Chróit níos mó ná 6,8 % dá hollioncam náisiúnta do 2019 i bpraghsanna reatha. Tá méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta níos airde ná an ranníocaíocht iomlán airgeadais atá ar fáil don Chróit, lena n-áirítear caibidil REPowerEU agus an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha, an t-ioncam ón gcóras trádála astaíochtaí faoi Threoir 2003/87/CE, agus ó Chúlchiste Coigeartaithe Brexit. D'iarr an Chróit méid breise iasachta chun dul i ngleic leis an gcoigeartú anuas maidir le ranníocaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha, mar atá EUR 785 114 933. Ba cheart do mhéid breise na hiasachta tacú leis an uaillmhian mhéadaithe san earnáil bainistithe uisce, san earnáil iompair agus san oideachas.

Réamh- mhaoiniú REPowerEU

(105) D'iarr an Chróit an cistiú seo a leanas chun a caibidil REPowerEU a chur chun feidhme: aistriú EUR 7 190 532 ón leithdháileadh sealadach ó acmhainní Chúlchiste Coigeartaithe Brexit, agus EUR 269 037 883 ón ioncam ón gcóras trádála astaíochtaí faoi Threoir 2003/87/CE, agus EUR 2 649 421 i bhfoirm iasachta.

(106) I gcás na suimeanna sin, de bhun Airteagal 21d de Rialachán (AE) 2021/241, an 17 Deireadh Fómhair 2023 d'iarr an Chróit réamh-mhaoiniú dar luach EUR 585 130 019, is é sin 20 % den mhaoiniú a iarradh. Ag brath ar na hacmhainní atá ar fáil, ba cheart an réamh-mhaoiniú sin a chur ar fáil don Chróit faoi réir theacht i bhfeidhm na gcomhaontuithe atá le tabhairt i gcrích idir an Coimisiún agus an Chróit de bhun Airteagal 23(1) de Rialachán (AE) 2021/241 agus i gcomhréir le hAirteagal 15(2) den Rialachán sin.

(107) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Chróit a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin a athrú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta don Chróit mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'*Airteagal 1*

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Cróite a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha agus na garspriocanna agus spriocanna breise a bhaineann le híocaíocht na hiasachta, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.';

(2) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

‘1. Cuirfidh an tAontas ranníocaíocht airgeadais ar fáil don Chróit i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíoctha arb ionann í agus EUR 5 786 544 628*. Áirítear ar an rannchuidiú sin:

(a) suim EUR 4 631 762 551 a bheidh ar fáil lena gealladh go dlíthiúil faoin 31 Nollaig 2022;

(b) suim EUR 878 553 662 a bheidh ar fáil lena gealladh go dlíthiúil ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023;

(c) suim EUR 269 037 883**, i gcomhréir le hAirteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241, go heisiach athchóirithe agus infheistíochtaí arb é is aidhm dóibh rannchuidiú leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 21c (3), pointí (b) go (f), den Rialachán sin;

(d) suim EUR 7 190 532, arna aistriú ó Chúlchiste Coigeartaithe Brexit chuig an tSaoráid.

2. Cuirfear suim EUR 55 245 683 ar fáil mar réamh-mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 21d de Rialachán (AE) 2021/241. Féadfaidh an Coimisiún réamh- mhaoiniú a eisíoc i suas le dhá íocaíocht.

Féadfaidh an Coimisiún an réamh-  mhaoiniú agus na tráthchodanna a íoc i dtráinse amháin nó i roinnt tráinsí. Beidh méid na dtráinsí faoi réir infhaighteacht an mhaoinithe.,

---

* Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Cróite de speansais dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Airteagal 11 den Rialachán sin.

** Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Cróite de speansais dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Airteagal 11 den Rialachán sin.';

(3) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

'*Airteagal 2a*

*Tacaíocht iasachta*

1. Cuirfidh an tAontas iasacht ar fáil don Chróit arb ionann í agus uasmhéid EUR 4 254 156 972.

2. Cuirfidh an Coimisiún an tacaíocht iasachta dá dtagraítear in mír 1 ar fáil don Chróit i dtráthchodanna i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

3. Cuirfear suim EUR 529 884 336 ar fáil mar réamh-mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 21d de Rialachán (AE) 2021/241. Féadfaidh an Coimisiún réamh- mhaoiniú a eisíoc i suas le dhá íocaíocht.

   Féadfaidh an Coimisiún an réamh- mhaoiniú agus na tráthchodanna a íoc i dtráinse amháin nó i roinnt tráinsí. Beidh méid na dtráinsí faoi réir infhaighteacht an mhaoinithe.

4. Scaoilfear an réamh-mhaoiniú dá dtagraítear i mír 2 faoi réir an teacht i bhfeidhm agus i gcomhréir leis an gcomhaontú de bhun Airteagail 15(2) de Rialachán (AE) 2021/241 (an 'comhaontú iasachta'). Déanfar réamh-mhaoiniú a imréiteach trína asbhaint go comhréireach i gcoinne íoc na dtráthchodanna.

5. Beidh scaoileadh tráthchodanna de réir an chomhaontaithe iasachta coinníollach ar an maoiniú a bheidh ar fáil agus ar chinneadh ón gCoimisiún, arna dhéanamh de réir Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2021/241, go bhfuil na garspriocanna agus na spriocanna breise a chumhdaítear leis an iasacht comhlíonta go sásúil ag an gCróit agus gur sainaithníodh iad i ndáil le cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU. Chun bheith incháilithe d'íocaíocht, bainfidh an Chróit na garspriocanna agus na spriocanna amach tráth nach déanaí ná an 31 Lúnasa 2026.';

(4) cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 2*

Is chuig Poblacht na Cróite a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*